2026/2478

11.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2478 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Samhain 2026

lena ndiúltaítear iarratas ar chlárú táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

'Kale Biberi' (ATFC)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 7838)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Kale Biberi' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC), arb iarratas é a chuir an Tuirc isteach an 19 Iúil 2024 (PDO-TR-03298).

(2) Tar éis an t-iarratas ar chlárú a scrúdú, an 13 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún a bharúlacha in iúl, agus béim á leagan aige ar easnaimh ar an iarratas, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir, cáilíocht an Bhéarla a úsáidtear, an cruthúnas cosanta, tuairisc an táirge, an tuairisc ar an modh táirgthe, an sainmhíniú ar an limistéar geografach, cruthúnas tionscnaimh, agus an nasc cúisíoch leis an limistéar geografach. Iarradh ar an iarratasóir coigeartuithe ar an iarratas a sholáthar chomh maith le soiléirithe.

(3) Níor thug an t-iarratasóir freagra.

(4) An 27 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta chun cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltófaí an t-iarratas de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, mura gcuirtear leagan athbhreithnithe den iarratas ar chlárú isteach nó mura dtarraingítear siar an t-iarratas. Luaigh an litir roinnt neamhchomhréireachtaí.

(5) Níor thug an t-iarratasóir barúlacha ná níor iarr sé go dtarraingeofaí siar an t-iarratas laistigh den tréimhse 2 mhí forordaithe tar éis dó an litir a fháil.

(6) Déanann roinnt neamh-chomhréireachtaí difear don iarratas. Go háirithe, ní urramaítear an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é gurb é Bardas Kale ('KALE BELEDİYESİ') an t-iarratasóir, nach táirgeoir aonair é faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ná ní grúpa táirgeoirí é a oibríonn leis an táirge, a bhfuil sé beartaithe a ainm a chlárú.

(7) Tá an cruthúnas cosanta sa Tuirc agus an t-aistriúchán air i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, a cheanglaítear le hAirteagal 13 (2)(d) agus (4) de Rialachán (AE) 2024/1143, in easnamh.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj.

(8) An tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge ag deireadh an doiciméid aonair, faoi 'Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta', tá sin in easnamh freisin. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a bhunaítear in Airteagal 13(2)(a) de Rialachán (AE) 2024/1143 agus in Airteagal 2(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún ([2]).

(9) Ina theannta sin, ní shainaithnítear san iarratas na nósanna imeachta lena n-áirithítear gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe é an táirge; dá bhrí sin, ní chomhlíontar an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 20 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

(10) Tá an tuairisc ar an táirge doiléir agus neamhiomlán toisc nach sainaithnítear léi cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis an ainm ar a bhfuil cosaint á lorg ina leith an táirge úr amháin nó cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis ullmhóidí eile a luaitear sa téacs freisin (triomaithe, ina thaos, meilte, friochta, etc.). Ina theannta sin, ní shonraítear saintréithe moirfeolaíocha an táirge go leordhóthanach agus úsáidtear saintréithriú doiléir agus tugtar neamhréireachtaí faoi deara a mhéid a bhaineann leis na saintréithe sin idir ranna éagsúla den doiciméad aonair. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an tuairisc ar an táirge Airteagal 49(1)(b) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(11) Tá an tuairisc ar an modh táirgthe neamhiomlán toisc nach dtugtar tuairisc san fhaisnéis a cuireadh isteach ar an gcaoi a ndéantar buaint ná ar na céimeanna próiseála breise is gá chun cineálacha eile táirge a fháil (triomaithe, ina thaos, meilte, etc). Dá bhrí sin, ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 49 (1)(e) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(12) Ní shainítear an limistéar geografach ar bhealach beacht: níl na teorainneacha riaracháin sainithe go soiléir agus tugtar neamhréireachtaí faoi deara maidir leis an bpointe sin idir na ranna comhfhreagracha den doiciméad aonair agus an tsonraíocht táirge. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar Airteagal 49(1)(c) de Rialachán (AE) 2024/1143 ná Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26.

(13) Sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair, ní áirítear sa roinn 'nasc' aon tuairisc ar shaintréithe áirithe na timpeallachta geografaí, i dtéarmaí tosca nádúrtha nó daonna, lena sanntar saintréithe sonracha an táirge go bunúsach nó go heisiach nó lena n-imrítear tionchar orthu, ná ní mhínítear an nasc idir gnéithe na timpeallachta geografaí agus sainiúlachtaí an táirge deiridh. Dá bhrí sin, ní bhunaítear an nasc cúisíoch idir cáilíocht nó saintréithe an táirge agus an limistéar geografach sainithe i gcomhréir le hAirteagal 49(1)(f)(i) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(14) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú 'Kale Biberi' mar ATFC roinnt de cheanglais Rialachán (AE) 2024/1143.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarratas ar chosaint an ainm 'Kale Biberi' mar ATFC a dhiúltú.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Kale Biberi' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/26 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárúcháin, leasuithe, cealuithe, forfheidhmiú na cosanta, an lipéadaithe agus na cumarsáide i leith tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 a mhéid a bhaineann le tásca geografacha in earnáil an fhíona, agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 agus (AE) 2021/1236 (IO L, 2025/26, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/26/oj).

Airteagal 2

Is chuig an iarratasóir a dhírítear an Cinneadh seo:

KALE BELEDİYESİ
Cumhuriyet Mah. İstiklal 1 Blv. Uimh:22
Kale/DENİZLİ, An Tuirc

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún